



## Deis Thaithí Oibre Bliana Fáilteoir & Riarthóir

Tá folúntas ag Údarás na Gaeltachta do dhuine cumasach i gcúrsaí riaracháin, rúnaíochta agus fáiltithe, le líofacht Ghaeilge le hoibriú in Oifig an Údaráis sna Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.

Beifear ag súil go mbeidh an té a cheapfar cumasach agus muiníneach agus go mbeidh sé/sí in ann a léiriú go bhfuil scileanna maithe eagrúcháin aige / aici agus gur féidir leis / léi oibriú go héifeachtach le daoine eile.

Beidh na tréithe / na scileanna a leanas ag an té a cheapfar sa phost:

- Scil sa chumarsáid agus in ann oibriú go neamhspleách agus mar chuid d'fhoireann araon
- Sárchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir labhartha agus scríofa
- Sárscileanna riaracháin
- Ard-chumas scileanna ríomhaireachta
- Tuiscint leathan ar obair na heagraíochta agus ar chúrsaí Gaeltachta.

### Dualgais

- An oifig fháiltithe a láimhseáil de réir riachtanais, an malartán a bhainistiú, an postas agus fiosrúcháin fóin & ríomhphoist a láimhseáil.
- Seirbhís eolais a sholáthar don phobal de réir riachtanais.
- Tacaíocht riaracháin a thabhairt, mar aon le fáiltiú roimh chuartheoirí agus cruinnithe a shocrú.
- Aon dualgas eile a leagtar síos ó am go ham.

Tá tuarastail €22,000 ag dul leis an phost ag brath ar thaithí/cháilíochtaí. Beidh an té a cheapfar lonnaithe in Oifig an Údaráis, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall.

Seol iarratas, mar aon le CV i nGaeilge, roimh an 4in an 04 Feabhra 2022 chuig [foluntais@udaras.ie](mailto:foluntais@udaras.ie)

*Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta  
agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.*